



Folúntas: Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Gno Mhaigh Eo.

Is é Gno Mhaigh Eo a bheidh freagrach as feidhmiú Plean Teanga Chaisleán an Bharraigh. Beidh an obair seo á dhéanamh i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile. Is plean teanga seacht mbliana atá i gceist. Is é príomhaidhm an phlean de réir pholasaí an Rialtais ná cur le húsáid na Gaeilge agus leis an líon deiseanna úsáide teanga na Gaeilge mar theanga pobail i gCaisleán an Bharraigh. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an cúram príomhghnéithe an phlean a chur i bhfeidhm. Mar phríomhbhaile chontae Mhaigh Eo, treiseoidh an plean stádas dátheangach an bhaile agus an chontae agus díreoidh sé aird an phobail ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí Gaeilge den uile chineál a bheith ar fáil.

Achoimre an Phoist

Beidh an duine a fhostófar ag obair le foireann Gno Mhaigh Eo agus le páirtithe leasmhara eile chun an plean teanga a chur i bhfeidhm. Is post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus is féidir cur leis an tréimhse sin. Beidh an duine a cheapfar fostaithe ag Gno Mhaigh Eo agus freagrach do Bhord Stiúrtha na heagraíochta maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú. Is é an scála pá atá ag dul leis an bpost ná €36,450 - €51,750 sa bhliain agus déanfar ceapachán ag pointe éigin ar an scála sin ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Critéir Riachtanacha

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir scríofa agus labhartha;
- Tiomantas do chur chun cinn na Gaeilge;
- Ardscileanna idirphearsanta agus ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa;
- Ábalta tosaíochtaí a leagan síos, spriocdhátaí a bhaint amach agus obair a dhéanamh faoi bhrú;
- Ardscileanna riaracháin agus eagrúcháin;
- Taithí ar phleanáil straitéiseach agus ar fhorbairt agus ar bhainistíocht tionscadal;
- Ardscileanna áisitheoireachta agus comhordaithe;
- Ardscileanna agus taithí maidir le hathbhreithniú agus an measúnú agus tuairisciú cuí a dhéanamh ar thionscadail agus taighde a chur i gcrích agus in eagar agus a leithéid sin a chur i láthair ar bhealach atá furasta le fáil agus le tuiscint ag an mórpopal;

- Taithí shonrach ar bhainistíocht airgeadais agus buiséid, agus ar fhreagracht a ghlacadh as tuairiscithe airgeadais a ullmhú;
- Ardscileanna cumarsáide, margaíochta agus poiblíochta i gcomhthéacs na meán shóisialta agus na meán thraidisiúnta araon;
- Céim aitheanta sa Ghaeilge, nó a chomhionann de chéim ag leibhéal ollscoile;
- Taithí ar iarratais mhaoinithe a ullmhú agus a chur i gcrích;

Critéir inmhianaithe

- Tuiscint agus taithí mhaith ag plé le hearnálacha éagsúla, leis an bpobal agus le coistí/structúir pobail /ranna stáit.
- Taithí ar bhainistíocht foirne;
- Taithí ar thaighde ardchaighdeán a chur i gcrích agus a fhoilsiú;
- Ardscileanna ríomhaireachtaí, lena n-áirítear dearadh, graificí agus eagarthóireacht físe agus fuaim;
- Cáilíocht i réimse na bainistíochta, ceannaireachta nó gobharnóireachta;
- Taithí abhcóideachta agus stocaireachta ó thaobh cúrsaí teanga, acmhainní agus ceartais de;
- Saineolas ar aon cheann de na cleachtais shochtheangeolaíochta mar a bhaineann le forbairt polasaithe agus gníomhartha sna réimsí aitheanta seo a leanas: óige, teaghlaigh, oideachas, na healaíona, meáin chumarsáide, gnó, na luathbhlianta agus spórt.

Suíomh:

Tá oifig ag Gnó Mhaigh Eo ar an bpríomhshráid i gCaisleán an Bharraigh agus is féidir socruithe oibre eile a éascú ar a n-áirítear oibriú ón mbaile nó ó shuíomh eile. Beidh roinnt taistil i gceist leis an bpost agus ní mór teacht láithreach a bheith agat ar mhodh iompair taistil sásúil.

Seol litir chumhdaigh agus CV chuig ann@gnomhaigheo.ie roimh **5i.n., an Aoine 22 Samhain 2024.**

Is fostóir comhionannas deiseanna é Gnó Mhaigh Eo.

Tá an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge tríd An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media